# Daonáireamh 2006 Gníomhaíochtaí

## Bunús

Tá sé mar aidhm ag an tsraith seo de cheachtanna ábhar bunaithe go mbeadh tuiscint ag na páistí ar na rudaí seo a leanas:

- Gur áireamh oifigiúil de dhaonra na tíre é an daonáireamh.
- Bíonn áireamh oifigiúil ar an daonra déanta i mbeagnach gach tír timpeall gach cúig nó deich mbliana.
- Tá gach céim de phróiseas bailiúcháin na sonraí tábhachtach.
- Is féidir sonraí a léiriú ar bhealaí éagsúla – graf, léaráid, ag baint úsáide as pictiúir nó mar thuairisc scríofa.
- Is féidir torthaí an phróisis um bhailiúchán sonraí i ndaonáireamh a úsáid le fadhbanna a réiteach nó le hathruithe dearfacha a dhéanamh i dtír.

**Tabhair faoi deara go mbeidh oíche an daonáirimh (23 Aibreán 2006) ann ar an lá deireanach de shaoire scoile na Cásca. Mar sin tá sé tábhachtach na ceachtanna seo a bheith curtha i gcrích roimhe sin má tá an deis is fearr oideachais le baint astu.**

Foghlaimítear scileanna sonraí trí láimhseáil agus tríd úsáid a bhaint as fíor ábhar le fíor aidhm a bhaint amach.

## Conas an tairbhe is fearr a bhaint as na hábhair seo

Tá fíor fhadhbanna curtha sna ceachtanna seo agus ina measc tá daonáireamh ranga le dearadh agus le cur i gcrích chomh maith le breathnú ar chonas a dhéantar sonraí a bhailiú, a léiriú agus a mhíniú. Tá sé seo ar fad déanta taobh istigh de chomhthéacs Daonáirimh 2006, agus beidh tagairtí don Daonáireamh sna meáin chumarsáide timpeall ar an am a thosaíonn tú ag baint úsáide as na ceachtanna seo. Tá deis iontach curtha ar fáil duit obair an churaclaim a dhéanamh i bhfíor dálaí agus beidh tuismitheoirí agus caomhnóirí in ann a bheith gníomhach ann freisin. Is chun na críche seo atá naisc Bhaile / Scoile curtha ar fáil le roinnt smaointe gur féidir leat a úsáid leis an rang agus leis na tuismitheoirí.

**Tá forbairt déanta ar gach ceacht le prionsabail Churaclam na Bunscoile 1999 a chur san áireamh:**

- Baintear úsáid as **timpeallacht** an pháiste mar chomhthéacs don fhoghlaim.
- Tá **an t-eolas agus an taithí** atá cheana ag an bpáiste mar bhunús do choincheapa agus smaointe nua a fhoghlaim.
- Tá **an chaint agus díospóireacht** mar chroí lár de phróiseas na foghlama agus cuirtear tús le gach ceacht le babhta tobsmaointe agus cuirtear foclóir nua ós comhair na bpáistí agus déantar smaointe na bpáistí féin a scrúdú.
- Is gné thábhachtach de na ceachtanna seo an comhthathú le hábhair eile agus naisc taobh istigh d'ábhair.
- Tá na tascanna agus gníomhaíochtaí seo deartha i dtreo forbairt a dhéanamh **ar mhachnamh den ord níos airde** agus scileanna le fadhbanna a réiteach atá riachtanach le maireachtáil sa saol nua aimseartha.
- Tá deiseanna curtha ar fáil i gcuid mhaith de na gníomhaíochtaí don **fhoghlaim mar ghrúpa.**

- Is féidir na ceachtanna samplacha a úsáid thar réimse **difríochta aonair** sa seomra ranga agus i gcás níos mó ná rang amháin a bheith sa seomra céanna.

Tá na ceachtanna seo curtha le chéile ag múinteoirí bunscoile agus baineadh triail as na tascanna agus na hacmhainní i seomraí ranga cheana.

## Naisc trasna an churaclaim

Tá na haidhmeanna thíos tógtha ó churaclam rang a 5 agus a 6 i ngach ábhar le taispeáint conas is féidir le gníomhaíochtaí an Daonáirimh cur leis an méid gur ceart do dhaltaí atá ag teacht chuig deireadh a laethanta sa bhunscoil a bheith in ann a bhaint amach. Ní liosta cuimsitheach atá ann agus tá aidhmeanna eile clúdaithe freisin sna gníomhaíochtaí. Tá an chuid is feiliúnaí roghnaithe. Níl ach rogha d'aidhmeanna an Bhéarla agus OSSP tugtha mar gheall go bhfuil na hábhair seo mar thaca don churaclam ar fad.

Cé go bhfuil an t-ábhar seo dírithe go háirid ar Dhaonáireamh 2006 tugann sé bunús do scileanna ginearálta i láimsheáil sonraí a fhorbairt sa ghnáthsaol. Is féidir úsáid a bhaint as na scileanna seo i ngach gné den churaclam ach go háirid don SESE: Eolaíocht. Nuair atá nithe le sórtáil agus le rangú, mar shampla plandaí nó ainmhithe; nó tástáil chothrom a chur i gcrích maidir le fuinneamh agus fórsaí is féidir leis na páistí na sonraí a bhailítear a léiriú; anailís a dhéanamh orthu ag baint úsáide as torthaí a dtástálacha nó na rudaí a thugann siad faoi deara. Níos tábhachtaí ná aon chuid eile den cheacht a bheidh sé na páistí a spreagadh le ceisteanna a chur ROIMH na sonraí a bhailiú, ansin scrúdú a dhéanamh agus na torthaí a mheas. Ba cheart go dtiocfadh tuilleadh ceisteanna as seo agus tuilleadh scrúduithe freisin, beidh siad seo ag fáil níos sofaisticiúil de réir mar a dhéantar a gcuid scileanna a fhorbairt.

| | |
|---|---|
| **Language: English** | ***Receptiveness to language*** – follow instructions, improve ability to recognise and understand words by using root words, prefixes etc, write for an increasingly varied audience.<br><br>***Competence and confidence in using language*** – converse freely and confidently on a range of topics, give and take turns in an environment where tolerance for the view of others is fostered, practise and use improvisational drama, learn about the structure and function of the parts of a newspaper, choose a register of language appropriate to subject and audience.<br><br>***Developing cognitive abilities through language*** **–** discuss issues of major concern, use a discussion of the familiar as the basis of a more formal or objective grasp of a topic or concept, listen to presentations on a topic and decide on appropriate questions, argue points of view, justify and defend opinions, respond to argument, **retrieve and interpret information presented in a variety of ways including flowchart, table, diagram, list, web, survey, question… Read and interpret different kinds of functional text including forms… Find information relevant to his/her purpose in non-fiction texts, graphs and pictorial and diagrammatic data and through the use of ICT.** |

| | |
|---|---|
| **Matamaitic** | **Scileanna**<br>*Cur i bhfeidhm agus fadhbanna a réiteach* – smaoinigh ar agus measúnú a dheanamh ar réitigh ar fhadhbanna<br>*Cumarsáid agus smaointe a chur in iúl* – déan na próisis in úsáid a chur in iúl agus a mhíniú …. éist le cuntais agus míniúcháin mhatamaiticiúla páistí eile agus déan iad a phlé …. déan na próisis a phlé agus a thaifead chomh maith le torthaí na hoibre ag baint úsáide as éagsúlacht mhodhanna, déan fadhbanna a phlé agus déan anailísí<br>*Comhthathú agus ceangal* – déan smaointe agus próisis mhatamaiticiúla a aithint agus a chur i bhfeidhm i rannóga eile den churaclam<br>*Réasúnaíocht* – cur rudaí i gcás agus déan tástáil orthu, bain tuiscint neamhfhoirmiúil as na torthaí, … cuardach patrúin agus gaoil mhatamaiticiúla agus déan iad a scrúdú<br>*Cur i gcrích* – cur i gcrích modhanna caighdeánacha go héifeachtach le réimse uirlisí<br>**Uimhir Eiliminte**:  Oibrithe, codáin, teanga na hollmhéide<br>**Eilimint Sonraí:**  Sonraí a léiriú agus a thuiscint san áireamh bailiúchán, eagrú agus léiriú sonraí; graif a léamh agus a mhíniú, sraitheanna simplí sonraí a chur le chéile agus a úsáid agus úsáid a bhaint as sraitheanna sonraí le fadhbanna a réiteach. |
| **SESE: Eolaíocht** | **Scileanna (baineann an tsraith chéanna scileanna le Stair agus le Tíreolas agus baineann sé freisin leis an tsraith scileanna sna mata)**<br>*Ceisteanna* – ceisteanna a chur a aimseoidh fadhbanna le réiteach agus a bheidh ina gcúnamh agus muid ag teacht ar chonclúidí agus ag míniú eolais<br>*Breathnú* – patrúin agus sraitheanna a aithint agus cur síos a dhéanamh orthu<br>*Réamhinsint* – tuairimí a bhaint bunaithe ar mholtaí agus na rudaí a thugann muid faoi deara<br>*Scrúduithe agus tástáil* – bailigh eolas agus sonraí ó réimse foinsí, tuig an tábhacht a bhaineann le scrúduithe agus tástálacha a athdhéanamh (is é sin an cheist chéanna a chur sa Daonáireamh ag fad áirithe óna chéile agus na torthaí a chur i gcomparáid)<br>*Taifead agus cumarsáid* – déan torthaí agus conclúidí a thaifead agus a chur ar fáil ag baint úsáide as réimse modhanna<br>*Measúnú* – léirmheas ar mhódhanna in úsáid i scrúduithe agus measúnú a dhéanamh ar a dtairbhe<br>**Eilimint: Aithne a chur ar an timpeallacht agus cúram na timpeallachta.** A bheith ar an eolas madir leis an tábhacht a bhaineann le hacmhainní inathnuaite agus neamh-inathnuaite an Domhain agus meas a chothú ar an riachtanas a bhaineann le hacmhainní a chaomhnú (gníomhaíocht athchúrsála), ceisteanna timpeallachta áitiúla, náisiúnta agus domhana a aimsiú agus a phlé. |
| **SESE: Stair** | **Scileanna – féach SESE: Eolaíocht**<br>Ach freisin na scileanna a bhaineann le h**Athrú agus leanúnachas, cúis agus tionchar agus fianaise a úsáid** (mar shampla, ceisteanna maidir le fianaise a chur, aithint nach gá go bhfuil fianaise iomlán ná neamhchlaonta, tuiscint gur féidir fianaise a mhíniú ar bhealaí éagsúla). Úsáid a bhaint as sonraí ó dhaonáirimh a bhí ann cheana mar fhianaise.<br>**Eilimint:  Leanúnachas agus athrú thar am.** Fachtóirí a aimsiú go bhféadfadh a bheith ina gcúiseanna nó ina gcosc ar an athrú. |
| **SESE: Tíreolas** | **Scileanna – féach SESE: Eolaíocht**<br>**Eilimint: Timpeallachtaí daonna.** Daoine ag obair – ról eagraíochtaí contae, náisiúnta agus seirbhísí tuaithe …. Sa chás seo an POS agus na daoine atá fostaithe aici, an tionchar atá ag sonraí an daonáirimh ar shocruithe a bhaineann le gluaiseacht daoine (<u>Aonad Eiliminte</u> – ionaid chontae, réigiúnda agus náisiúnta), ar an timpeallacht áitiúil (tithíocht &rl)<br>**Eilimint: Aithne a chur ar an timpeallacht agus cúram na timpeallachta. Ar nós** |

| | |
|---|---|
| | **SESE: Eolaíocht** chomh maith le – tuiscint a fháil ar fhreagracht an duine aonair, an phobail agus an náisiúin maidir le cúram timpeallachta. |
| **OSSP** | Cur chuige ginearálta atá san OSSP a bhfuil sé mar aidhm aige sraith scileanna ginearálta a fhorbairt sa pháiste, chomh maith le iompar, luachanna agus tuiscint chuí a bhaineann le réimse ceisteanna sóisialta, pearsanta agus sláinte. Ní mór do na páistí a bheith ag plé leis an bhfoghlaim atá bunaithe ar ghníomhaíochtaí agus spreagann sé iad le<br>▪ taithí a fháil ar an bhfoghlaim agus í a aimsiú dóibh féin<br>▪ míniúcháin nua a chruthú agus tuiscint nua a bhaint amach<br>▪ bheith freagrach as an méid a fhoghlaimíonn siad féin<br>▪ an méid atá foghlamtha a thógáil ar bord<br>▪ bheith níos criticiúil agus níos grinne<br>▪ bheith in ann an fhoghlaim a aistriú chuig staid éagsúla.<br><br>Gan trácht ar na straitéisí don fhoghlaim ghníomhach atá molta i dTreoirlínte an Mhúinteora OSSP, baineann an eilimint "**Mé féin agus an Domhan Mór**" go háirid le gníomhaíochtaí an Daonáirimh.<br>Tá liosta seiceála iontach do phointí airde an mhúinteora ar fáil ar leathanach 73 de Churaclam OSSP a bhaineann le gach gné den ghrúpa oibre agus tá sé fíor úsáideach agus obair á dhéanamh ar ábhair an Daonáirimh. |
| **Gnéithe eile den Churaclam** | Tá sé molta freisin go ndéanfaí scrúdú ar na teicnicí agus na scileanna atá á úsáid i gCuraclam na nEalaíon Radharcach nuair atá póstaeir, marcanna leabhar, fógraí &rl an Daonáirimh á dhearadh do na gníomhaíochtaí. Nuair atá dearadh feidhmiúil le déanamh ar phóstaer, marc leabhair nó fógra ba cheart go mbeadh níos mó i gceist ná líníocht, péinteáil agus dathanna ach ba cheart go mbeadh éadach agus snáithín, priontáil nó fiú tógáil san áireamh freisin. |

# Ábhar an Daonáirimh 2006

## Céard atá san ábhar seo?

Tá trí shraith éagsúil ceachtanna ann

- Ranganna a 1 agus a 2
- Ranganna a 3 agus a 4
- Ranganna a 5 agus a 6

## An bhfuil na ceachtanna simplí le leanúint?

Déantar scrúdú ar ghné amháin de phróiseas an Daonáirimh i ngach ceacht agus leanann siad an struchtúr céanna

- Téama agus príomhtheachtaireachtaí
- Cuspóirí agus Measúnú
- Pointe Airde don Mhúinteoir (Tá liosta seiceála iontach do phointí airde an mhúinteora ar fáil ar leathanach 73 de Churaclam OSSP a bhaineann le gach gné den ghrúpa oibre agus tá sé fíor úsáideach agus obair á dhéanamh ar ábhair an Daonáirimh)
- Bunstruchtúr na gceachtanna
    - Tús intinne/béil nó babhta tobsmaointe
    - Díriú ar cheachtanna agus éagsúlacht ghníomhaíochtaí
    - Seisiún don rang iomlán nó díospóireacht
- Obair bhreise
- Naisc bhaile / scoile
- Na hacmhainní a theastaíonn do gach gníomhaíocht

## Céard a dhéanfaidh mé má tá níos mó ná rang amháin agam sa seomra ranga, má tá roinnt daltaí idirnáisiúnta sa rang nó má tá páistí le Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) sa rang?

Tá **Achoimre Ranga do na Ceachtanna** curtha ar fáil do gach leibhéal (Rang a 1 / a 2; Rang a 3 / a 4; Rang a 5 / a 6) ionas gur féidir leat na téamaí a aimsiú roimh ré, chomh maith leis an bhfoclóir agus na príomhcheisteanna do gach leibhéal. Tá Achoimre ar achmainní curtha ar fáil freisin agus is féidir leat na hacmhainní a phiocadh amach astú le riachtanais do dhaltaí a shásamh in áit díreach a leibhéal ranga féin a roghnú.

D'fhéadfadh sé go mbeadh cuid den fhoclóir atá in úsáid sna gníomhaíochtaí deacair go maith do pháistí áirid, ach níl sé i gceist go mbeadh siad ag foghlaim leis na focail a litriú ná a scríobh, díreach go dtuigeann siad, mar shampla, gur 'áiritheoir' an t-ainm atá ar an duine a thagann chuig an teach le foirm an daonáirimh.

Tá cuid de na hacmhainní ar fáil i WORD agus is féidir iad a shábháil go héasca ar do ríomhaire féin agus a chur in oiriúint do rang faoi leith nó do ghrúpa faoi leith páistí.

- Le tacaíocht a thabhairt mar shampla do pháistí le RSO d'fhéadfá an téacs a dhéanamh níos simplí nó siombail a úsáid in áit na bhfocal.
- Is féidir gníomhaíochtaí atá curtha ar fáil do pháistí níos óige a úsáid le tacaíocht a thabhairt do léitheoirí atá níos laige i rang sinsearach nó mar luas chártaí ar chairt mar thacaíocht do na ceachtanna scríofa.
- Do pháistí le deacrachtaí urlabhra is féidir iad a chur ag obair i mbeirteanna le páistí eile do na seisiúin bhéil agus na páistí eile mar '**Chairde Focail**' le cúnamh a thabhairt dóibh téarmaí nua nó deacra a thuiscint.

- Nó is féidir díreach na bileoga a phriontáil agus a fhotachóipeáil le n-úsáid láithreach.
- Is féidir na patrúin do na blocghraif, barraghraif agus graif líne atá ar fáil i WORD a úsáid ar go leor bealaí éagsúla le tacaíocht a thabhairt d'obair churaclaim mhatamaiticiúil nó eolaíochta. Níl le déanamh agat ach na réimsí uimhir agus / nó ceannteidil na n-ábhar a athrú.

## Tábhacht sonraí i gCuraclam na Bunscoile

**An t-eolas a chur le chéile**

Sonraí a bhailiú, a rangú, a eagrú agus a léiriú

Sonraí a bhailiú

Sonraí a rangú

Sonraí a eagrú agus a léiriú

**An t-eolas a chur ar thaispeántas ionas gur féidir le daoine eile é a thuiscint**

Ag baint úsáide as ábhair nithiúla, léaráidí, graif agus pictiúirí atá feiliúnach d'aois an pháiste agus a leibhéal foghlama.

**Cén fáth gur gá do pháistí a bheith in ann sonraí a thuiscint?**

Tá go leor eolais á thabhairt do pháistí agus do thuismitheoirí tríd na meáin chumarsáide maidir le réimse leathan ábhar ó bhia folláin go dtí caighdeáin an bhia do chait (deir naonúr as gach deichniúr uinéirí cait….). Tá sé riachtanach sa domhan seo atá ag brath níos mó agus níos mó ar ghnéithe radharcacha go mbeadh na páistí ag foghlaim le pictiúirí agus graif a léamh ar an gcaoi chéanna go bhfoghlaimíonn siad le focail a léamh. Tá an scíl seo tábhachtach i gcuraclam na bunscoile agus i siollabus an Bhéarla do Ranganna Sóisearacha áit atá béim leagtha ar léitheoireacht agus scríbhneoireacht i sóirt éagsúla agus ar léaráidí agus pictiúirí a léamh.

## Achoimre ar Scileanna Matamaiticiúla de Churaclam na Bunscoile agus an bhaint atá acu leis na Sonraí Eiliminte

**Sonraí: Cuspóirí leathana**

- *Sonraí a bhailiú, a rangú, a eagrú agus a léiriú ag baint úsáide as ábhair nithiúla, léaráidí, graif agus pictiúir.*
- *Táblaí, léaráidí, barrachairt, picteagraim, graif líne agus píchairteacha a léamh, a mhíniú agus anailís a dhéanamh orthu.*
- *Torthaí próiseas simplí a thuiscint, a aithint agus a léiriú*
- *Déan measúnú agus comhaireacmh ag baint úsáide as samplaí*
- *Bain úsáid as coincheapa, scileanna agus próisis fhoghlamtha le fadhbanna a réiteach*

Scileanna **faoi leith** matamaiticiúla faoi chaibideal leis na gníomhaíochtaí sonraí.

| | Naíonáin | Rang a 1 agus a 2 | Rang a 3 agus a 4 | Rang a 5 agus a 6 |
|---|---|---|---|---|
| **Cur i bhfeidhm agus fadhbanna a réiteach** | • *Roghnaigh agus cur i bhfeidhm straitéisí, ábhair agus próisis chuí le tasc a chur i gcrích nó le fadhb a réiteach* | • *Roghnaigh agus cur i bhfeidhm … **i réimse comhthéacsanna*** | • ***Coincheapa** cuí a roghnú …* | **Roghnaigh agus cur i bhfeidhm straitéisí, ábhair, próisis *agus coincheapa sa mhatamaitic agus i gcomhthéacsanna eile an churaclaim*** |
| | • *Réitigh ar fhadhbanna a **aithint*** | • *Réitigh ar fhadhbanna **a aithint*** | • ***Anailís** a dhéanamh ar fhadhbanna agus cur chuige len iad a réiteach a phleanáil*<br>• ***Réitigh ar fhadhbanna** a mheas* | • *Smaoinigh ar **réitigh ar fhadhbanna** agus déan iad a mheas* |
| **Cumarsáid agus Smaointe agus chur in iúl** | • *Déan gníomhaíochtaí **féin** matamaiticiúla a phlé agus a mhíniú agus fadhbanna curtha i láthair le hábhair nithiúla, pictiúir nó ó bhéal.*<br>*Déan torthaí na ngníomhaíochtaí matamaiticiúla a **thaifead** le hábhair nithiúla agus ag baint úsáide as léaráidí agus pictiúir* | • *Éist le agus déan plé ar chur síos agus míniúcháin mhatamaiticiúla féin agus **páistí eile***<br>• *Déan plé ar agus mínigh gníomhaíochtaí matamaiticiúla agus déan torthaí a thaifead ag baint úsáide as léaráidí, pictiúir agus **uimhreacha*** | • *Déan plé agus mínigh ag baint úsáid as **éagsúlacht mhódhanna***<br>• *Déan plé agus **anailísí*** | • *Déan plé, taifead agus mínigh **ar bhealach eagraithe** ag baint úsáid as éagsúlacht mhódhanna* |
| **Comhthathú agus Ceangal** | • *Ceangail tuairimí matamaiticiúla faighte go neamh-fhoirmiúil le tuairimí faighte go foirmiúil* | → | → | → |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | • *Matamaitic* ***a aithint*** *sa timpeallacht* | → | | |
| | • *An gaol idir bhealaí éagsúla le huimhreacha a léiriú a* ***aithint*** *– béal, ábhair nithiúla, pictiúir, siombail* | • *Na matamaitic atá mar chúlra do na próisis a thuiscint* | • *Tuairimí agus próisis mhatamaiticiúla a léiriú ar bhealaí éagsúla - – béal, ábhair nithiúla, pictiúir, siombail* | |
| | • *Gníomhaíochtaí matamaiticiúla a chur i gcrích a bhaineann le rannóga eile den churaclam* | | • *Smaointe agus próisis mhatamaiticiúla i rannóga eile den churaclam* ***a aithint agus a chur i bhfeidhm*** | |
| **Réasúnaíocht** | • *Rudaí a rangú in earnálacha loighciúla* | • *Cur rudaí i gcás agus déan tástálacha orthu*<br>• *Patrúin mhatamaiticiúla agus gaoil a aithint agus a chruthú* | • *Patrúin mhatamaiticiúla agus gaoil a scrúdú* | • *Patrúin mhatamaiticiúla agus gaoil a sholáthar agus a scrúdú* |
| | • *Torthaí gníomhaíochtaí a údarú* | • *Próisis agus torthaí gníomhaíochtaí a údarú* | • *Próisis agus torthaí gníomhaíochtaí, fadhbanna agus tionscnaimh a údarú* | |
| **Cur i bhfeidhm** | • *Úsáid a bhaint as bealaí cuí éagsúla láimhseála le tascanna agus próisis mhatamaiticiúla a chur i gcrích* | • *Modhanna a chur i gcrích go héifeachtach* | • *Modhanna a chur i gcrích go héifeachtach le réimse uirlisí* | |
| **Tuiscint agus cuimhniú** | *Ar mhaithe leis na scileanna thuasluaite a chur i bhfeidhm beidh sé riachtanach fíricí, míniúcháin agus foirmlí a thuiscint agus cuimhniú orthu* | | | |

## Na páistí a chur san áireamh ina measúnú féin

Tá an measúnú ceangailte againn do na cuspóirí ionas gur féidir leat measúnú a dhéanamh ar cé chomh maith a thuig na páistí na gníomhaíochtaí. Sa chuid is mó cásanna chuir muid 'measúnú na hoibre' ar fáil sa chaoi go mbeadh sé an-soiléir ar thuig nó nár thuig an páiste an tasc. Is cuid tábhachtach de na gníomhaíochtaí í an teanga labhartha, tá sé tábhachtach go spreagtar na páistí leis na téarmaí cearta a úsáid sa chomhthéacs ceart agus na gníomhaíochtaí á chur i gcrích acu. Tá an obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí tábhachtach in aon ghníomhaíocht a bhaineann le húsáid teanga breise – féach an smaoineadh don Chara Focail thuas.

Má bhíonn páistí ag obair i mbeirteanna agus ina ngrúpaí beaga tugann sé deis dóibh foclóir a úsáid ar bhealach ciallmhar, na smaointe atá acu féin a shoileiriú agus éisteacht leis an dearcadh atá ag daoine eile. Don mhúinteoir cuireann sé foinse shaibhir eolais ar fáil maidir le cumas na bpáistí fadhbanna ginearálta a réiteach agus leibhéal forbartha na bpáistí trasna an churaclaim a mheas.

Tá sé tábhachtach freisin go dtuigeann siad cén fáth go bhfuil sibh ag plé leis an ábhar seo. Tá príomhtheachtaireachtaí curtha san áireamh againn ag gach céim leis an obair a dhiriú go soiléir agus is féidir é seo a chur in iúl go soiléir don pháiste.

## Roinn na príomhtheachtaireachtaí agus cuspóirí leis na páistí tríd iad a cheistiú – ní féidir leo sprioc a bhaint amach gan í a thuiscint!

- Céard atá le scrúdú againn?
- Cén fáth a bhfuil muid á dhéanamh seo?
- Cén chaoi a ndéanfaidh muid é – céard a bheidh muid ag úsáid lenár dtorthaí a thaispeáint?
- Céard a dhéanfaidh muid le taispeáint gur thuig muid an méid a d'fhoghlaim muid?
- Céard a dhéanfaidh tú muna dtuigeann tú rud éigin? Má tá tú críochnaithe roimh na daoine eile?

## Pointí Airde don Mhúinteoir

Tá sé mar aidhm ag an bpíosa seo múinteoirí a threorú i dtreo foinsí eile eolais maidir leis na páistí ina rang. Má thugann tú faoi deara go bhfuil fadhbanna ag páistí an t-eolas a chur in ord is féidir leat é a ath-léiriú arís i rannóg eile den churaclam. (Tá liosta seiceála iontach do phointí airde an mhúinteora ar fáil ar leathanach 73 de Churaclam OSSP a bhaineann le gach gné den ghrúpa oibre agus tá sé fíor úsáideach agus obair á dhéanamh ar ábhair an Daonáirimh).

Roinnt ceisteanna

*Cé acu de na príomhtheachtaireachtaí a thuig na páistí go héasca?*
*Ar thaispeáin siad go raibheadar ag forbairt éagsúlacht scileanna nó díreach ceann amháin?*
*An féidir leat deiseanna eile a chur ar fáil don chleachtadh i réimsí eile den churaclam dóibh siúd a bhfuil deacrachtaí acu leis an obair?*
*Ar thug tú tada spéisiúil faoi deara nuair a thosaigh na páistí ar na gníomhaíochtaí breise? Mar shampla ar ghlac páiste ciúin ról níos gníomhaí; ar thaispeáin páiste an-éirimiúil easpa cumais oibriú go héifeachtach mar*

*chuid de ghrúpa? An bhfuil páiste faoi leith ann nach n-éistíonn le tuairimí daoine eile?*
*An féidir liom na príomh scileanna seo a úsáid i réimsí eile den churaclam?*

**TEC a úsáid le sonraí a láimhseáil**
Tá béim curtha i gCuraclam na Bunscoile ar TEC a úsáid san oideachas. Má úsáidtear TEC le sonraí a láimhseáil:

- spreagann sé páistí le scileanna rangaithe a fhorbairt
- tugann sé deis fíor fhadhbanna laethúla a úsáid mar gheall gur féidir sraitheanna móra sonraí nó sraitheanna deacra a láimhseáil
- is féidir oll-léiriú a dhéanamh ar shraitheanna sonraí ag baint úsáide as scairbhileoga agus tá siad áisiúil le sonraí a chur i gcomparáid lena chéile
- is féidir le TEC páistí a spreagadh le tuilleadh ceisteanna a chur maidir leis na sonraí atá bailithe mar gheall go bhfuil siad léirithe go soiléir agus ar bhealach proifisiúnta

Is féidir leis cur go mór freisin leis an taithí a fhaigheann siad ar an gciorcal um bhailiúchán sonraí.

**Suímh spéisiúla Idirlín**
www.cso.ie
www.pcsp.ie


**Buíochas**

Ba mhaith leis an bPríomh-Oifig Staidrimh buíochas a ghabháil le Valerie O'Dowd agus Carmel Burns mar gheall ar a n-obair fíorthábhachtach agus an acmhainn seo á tiomsú acu.